



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.8.2021
COM(2021) 450 final

2021/0254 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’ faoin gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 a leasú

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán i dtaca le piseánaigh a chur leis an sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’, rud a bheartaítear a dhéanamh faoin g**Coinbhinsiún Trádála Gráin, 1995**.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Coinbhinsiún Trádála Gráin, 1995

Tá sé mar aidhm ag an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 (‘an Coinbhinsiún’) an comhar idirnáisiúnta i dtaobh gach gné den trádáil i ngráin a fheabhsú, méadú ar an trádáil idirnáisiúnta i ngráin a chur chun cinn, agus an sreabhadh is saoire agus is féidir a aimsiú le haghaidh na trádála sin. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gCoinbhinsiún cur le cobhsaíocht margaí idirnáisiúnta gráin a oiread agus is féidir ar mhaithe le gach ball, cur le slándáil dhomhanda bia, agus fóram a chur ar fáil chun faisnéis a mhalartú agus chun inní na mball maidir le trádáil i ngráin a phlé.

Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Iúil 1995.

Is páirtí é an tAontas Eorpach sa Choinbhinsiún¹.

2.2. An Chomhairle Idirnáisiúnta Grán

Eagraíocht idir-rialtasach is ea an Chomhairle Idirnáisiúnta Grán (‘IGC’), eagraíocht lena ndéantar iarracht na cuspóirí a leagtar síos le hAirteagal 1 den Choinbhinsiún a chomhlíonadh. Go háirithe, tá sé mar aidhm ag an gComhairle Idirnáisiúnta Grán:

- an comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn i ngach gné den trádáil i ngráin;
- forbairt, oscailteacht agus cothroime na trádála idirnáisiúnta in earnáil an ghráin a chur chun cinn;
- cur le cobhsaíocht an mhargaidh idirnáisiúnta gráin, le slándáil dhomhanda bia, agus le forbairt tíortha a bhfuil a ngeilleagar ag brath ar dhíolachán tráchtála gráin.

Déantar iarracht na cuspóirí sin a bhaint amach trí fheabhas a chur ar thrédhearcacht an mhargaidh, agus é sin a dhéanamh trí fhaisnéis a roinnt agus anailís agus comhairliúchán a dhéanamh maidir le forbairtí margaidh agus beartais.

Tá 30 ball ag an gComhairle Idirnáisiúnta Grán faoi láthair, go leor de na táirgeoirí agus allmhaireoirí gránach is mó ar domhan ina measc. Lasmuigh den Aontas Eorpach agus de bhaill áirithe eile, is iad an Airgintín, an Astráil, Ceanada, an Éigipt, an India, an Ríocht Aontaithe, an Rúis, an tSeapáin, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Úcráin a cuid ball. Ní baill iad an tSín ná an Bhrasaíl, áfach.

Tá 2 000 vóta san iomlán ag an 30 ball den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán.

Le haghaidh nósanna imeachta buiséadacha (féach Airteagal 11 den Choinbhinsiún), i.e. chun ranníocaíochtaí bliantúla airgeadais na mball a shocrú, tá 371 vóta in 2020/21 ag an Aontas².

Le haghaidh na cinnteoireachta, i.e. nuair a bhíonn vótáil ann (féach Airteagal 12 den Choinbhinsiún), dáiltear 1 000 vóta ar na 11 bhall is onnmhairí (an tAontas, le 244 vóta, ina

¹ IO L 21, 27.1.1996, lch. 47.

² Feidhmíonn an Chomhairle Idirnáisiúnta Grán ar bhonn na bliana airgeadais, bliain a mhaireann ón 1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh.

measc) agus 1 000 vóta ar na 19 mball is allmhairí. Ní mór a chur i dtábhacht go bhfeidhmíonn an Chomhairle Idirnáisiúnta Grán, i bprionsabal, ar bhonn an chomhdhearcaidh agus gur annamh ann don vótáil iarbhrí.

Ag cruinnithe na Comhairle Idirnáisiúnta Grán déanann an Coimisiún Eorpach ionadaíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh. Is féidir leis na Ballstáit freastal ar chruinnithe na Comhairle Idirnáisiúnta Grán, agus ar Sheisiún den Chomhairle go háirithe.

2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhairle Idirnáisiúnta Grán

An 14 Bealtaine 2021 mhol an Chomhairle Idirnáisiúnta Grán piseánaigh a chuimsiú sa sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’ faoi Airteagal 2(1), pointe (e), den Choinbhinsiún (‘an gníomh atá beartaithe’). Moltar cinneadh na Comhairle Idirnáisiúnta Grán a dhéanamh trí phostbhallóid (i.e. nós imeachta i scríbhinn) agus is é an 31 Deireadh Fómhair 2021 an spriocdháta chun é sin a dhéanamh. I gcás nach seolfadh aon bhall den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán aon agóid i scríbhinn, chuirfí piseánaigh leis an sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’ faoi Airteagal 2(1), pointe (e), den Choinbhinsiún agus bheadh éifeacht leis sin ón 1 Samhain 2021.

De réir an togra, ‘cuimseofar lintilí, piseanna tirime, sicphiseánaigh, pónairí tirime, piseánaigh eile agus a dtáirgí sa sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’ faoi Airteagal 2(1)(e) den Choinbhinsiún Trádála Gráin, 1995’.

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe é a chur ar a cumas don Chomhairle Idirnáisiúnta Grán a hobair rialta dá dtagraítear in Airteagal 3 den Choinbhinsiún a leathnú chun piseánaigh a chuimsiú. Amhail ón 1 Samhain 2021 ba cheart, go háirithe, piseánaigh agus a dtáirgí a chuimsiú sna tuarascálacha rialta, sa mhalartú faisnéise agus sna staidéir speisialta dá dtagraítear in Airteagal 3 den Choinbhinsiún. Ba cheart do Rialtais na mBallstát comhoibriú le Rúnaíocht na Comhairle Idirnáisiúnta Grán trí fhaisnéis ábhartha a sholáthar maidir leis na piseánaigh sin agus a dtáirgí.

Cé nach leagtar síos rialacha sonracha maidir le nós imeachta na postbhallóide (ná leis an nós imeachta i scríbhinn) sa Choinbhinsiún, ní iarrtar le hAirteagal 14 den Choinbhinsiún, lena mbaineann ‘cinntí ón gComhairle’, go ndéanfaí cinntí mar sin ag Seisiún den Chomhairle.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Thug an tAontas Eorpach **an Coinbhinsiún Trádála Gráin, 1995** i gcrích le Cinneadh 96/88/CE ón gComhairle³ go dtí an 30 Meitheamh 1998, agus cuireadh síneadh leis go tráthrialta ó shin i leith. Gach uair, cuirtear síneadh 2 bhliain ar a mhéad leis an gCoinbhinsiún i gcomhréir le hAirteagal 33 den Choinbhinsiún. Cuireadh síneadh leis go deireanach le cinneadh ón gComhairle Idirnáisiúnta Grán an 7 Meitheamh 2021 agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2023.

Nuair a tugadh an Coinbhinsiún i gcrích, cuimsíodh na táirgí seo a leanas sa sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’ faoi Airteagal 2(1), pointe (e): ‘eorna, arbhar Indiach, muiléad, coirce, seagal, sorgam, triteacál agus cruithneacht, agus a dtáirgí’.

Ansin, in 2008, chinn baill na Comhairle Idirnáisiúnta Grán rís agus a táirgí a chuimsiú chomh maith sa sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’ le héifeacht ón 1 Iúil 2009. Ina theannta sin, le héifeacht ón 1 Iúil 2013, leathnaíodh an sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’ a thuilleadh chun olashíolta éagsúla a chuimsiú chomh maith, eadhon copra, síol cadáis, eithne pailme, piseanna talún, síol ráibe/canól, pónairí soighe agus síolta lus na gréine agus a dtáirgí.

³ IO L 21, 27.1.1996, lch. 47.

Ba bhall gníomhach den Chomhairle Idirnáisiúnta Grán é an tAontas riamh agus thacaigh sé le leathnú obair na Comhairle Idirnáisiúnta Grán chun anailís a dhéanamh ar mhargadh agus ar fhorbairtí trádála na bpiseánach chomh maith. Go dtí seo, rinneadh é sin ar bhonn *ad hoc*, faoi réir fhaomhadh chlár oibre bliantúil na Comhairle Idirnáisiúnta Grán.

Is é is cuspóir don togra seo údarú na Comhairle a lorg don Choimisiún chun vótáil sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i bhfabhar piseánaigh a chur leis an sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’ faoi Airteagal 2(1), pointe (e), den Choinbhinsiún le héifeacht ón 1 Samhain 2021. Déanfar an cinneadh foirmiúil sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán maidir leis an togra trí nós imeachta i scríbhinn (postbhallóid), agus is é an 31 Deireadh Fómhair 2021 an spriocdháta a socraíodh chuige sin.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

Déantar foráil, le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), maidir le cinntí lena leagfar síos *‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlínfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’*

Áirítear i gcoincheap *‘na ngníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’* gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach *‘a d’fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh’*⁴.

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is é an éifeacht atá leis an ngníomh atá beartaithe ag an gComhairle Idirnáisiúnta Grán an Coinbhinsiún a leasú trí leathnú an tsainmhínithe ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’ faoi Airteagal 2(1), pointe (e), den Choinbhinsiún, ar comhaontú idirnáisiúnta é atá ina cheangal ar an Aontas Dá bhrí sin, tá éifeachtaí dlíthiúla leis an ngníomh atá beartaithe.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó mar chomhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar

⁴ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:AE:C:2014:2258, míreanna 63 agus 64.

bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. *Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is le trádáil i dtáirgí talmhaíochta a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é an chéad fhomhír d’Airteagal 207(3) CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.3. **Conclúid**

Ba cheart an chéad fhomhír d’Airteagal 207(3) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina bunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

5. **FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE**

Ós rud é go leasófar an Coinbhinsiún le gníomh na Comhairle Idirnáisiúnta Grán trí phiseánaigh a chur leis an sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’ faoi Airteagal 2(1), pointe (e), den Choinbhinsiún, is iomchuí an Cinneadh ón gComhairle a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’ faoin gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 a leasú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d’Airteagal 207(3), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 (‘an Coinbhinsiún’) i gcrích le Cinneadh 96/88/CE ón gComhairle¹ agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1995. Tugadh an Coinbhinsiún i gcrích le haghaidh tréimhse 3 bliana.
- (2) Sainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (e), den Choinbhinsiún an bhrí atá le ‘grán’ nó ‘gráin’ chun críocha an Choinbhinsiúin. Féadfaidh baill na Comhairle Idirnáisiúnta Grán cinneadh a dhéanamh an sainmhíniú sin a leasú i gcomhréir le hAirteagal 32 den Choinbhinsiún.
- (3) An 14 Bealtaine 2021 mhol Rúnaíocht na Comhairle Idirnáisiúnta Grán piseánaigh a chuimsiú sa sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’ faoi Airteagal 2(1), pointe (e), den Choinbhinsiún le héifeacht ón 1 Samhain 2021. De réir an togra, *‘cuimseofar lintilí, piseanna tirime, sicphiseánaigh, pónairí tirime, piseánaigh eile agus a dtáirgí sa sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’ faoi Airteagal 2(1)(e) den Choinbhinsiún Trádála Gráin, 1995’*².
- (4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán a bhunú i dtaca leis an sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’ a leasú faoi Airteagal 2(1), pointe (e), den Choinbhinsiún, toisc gur chun leas an Aontais é cumhdach táirgí na Comhairle Idirnáisiúnta Grán a leathnú trí phiseánaigh a chur leis an sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán vóta a chaitheamh i bhfabhar Airteagal 2(1), pointe (e), den Choinbhinsiún Trádála Gráin, a leasú trí

¹ Cinneadh 96/88/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 1995 lenar fhormheas an Comhphobal Eorpach an Coinbhinsiún Trádála Gráin agus an Coinbhinsiún um Chúnamh Bia, lenar bunaíodh an Comhaontú Idirnáisiúnta Grán, 1995 (IO L 21, 27.1.1996, lch. 47).

² An Chomhairle Idirnáisiúnta Grán, GC53/3 an 14 Bealtaine 2021, Iarscríbhinn 1.

phiseánaigh a chur leis an sainmhíniú ar ‘ghrán’ nó ‘gráin’, i gcomhréir leis an togra arna thíolacadh ag Rúnaíocht na Comhairle Idirnáisiúnta Grán an 14 Bealtaine 2021.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*